Comhairle an
Aontais Eorpaigh

PUBLIC

An Bhruiséil, 3 Bealtaine 2022
(OR. en)

8076/22

LIMITE

CORLX 346
CFSP/PESC 475
CONOP 25

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | Cinneadh (CBES) ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2019/938 mar thaca le próiseas tógála muiníne lena mbunófaí limistéar sa Mheánoirthear a bheadh saor ó airm núicléacha agus ó na hairm ollscriosta eile ar fad |

**Cinneadh (CBES) 2022/… ón gComhairle**

**an …**

**lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2019/938 mar thaca le próiseas tógála muiníne lena mbunófaí limistéar sa Mheánoirthear a bheadh saor ó airm núicléacha agus ó na hairm ollscriosta eile ar fad**

PUBLIC

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagail 28(1) agus Airteagal 31(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 6 Meitheamh 2019, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2019/938[1].

(2) Le Cinneadh (CBES) 2019/938 rinneadh foráil maidir le tréimhse cur chun feidhme 36 mhí le haghaidh na ngníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 1 de, ó dháta thabhairt i gcrích an chomhaontaithe maoiniúcháin dá dtagraítear in Airteagal 3(3) de.

(3) D'iarr an Comhpháirtí cur chun feidhme, Institiúid na Náisiún Aontaithe um Thaighde ar an Dí-armáil, go gcuirfí síneadh 12 mhí le tréimhse cur chun feidhme sin go dtí an 10 Iúil 2023, i bhfianaise na moille ar chur chun feidhme gníomhaíochtaí tionscadail faoi Chinneadh (CBES) 2019/938 i ngeall ar thionchar phaindéim COVID-19.

(4) Maidir le leanúint de na gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 1 de Chinneadh (CBES) 2019/938 go dtí an 10 Iúil 2023, níl aon impleacht aici sin a mhéid a bhaineann le hacmhainní airgeadais go dtí an 10 Iúil 2023.

(5) Ba cheart Cinneadh (CBES) 2019/938 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

---

[1] Cinneadh (CBES) 2019/938 ón gComhairle an 6 Meitheamh 2019 mar thaca le próiseas tógála muiníne lena mbunófaí limistéar sa Mheánoirthear a bheadh saor ó airm núicléacha agus ó na hairm ollscriosta eile ar fad (IO L 149, 7.6.2019, lch. 63).



PUBLIC

*Airteagal 1*

I gCinneadh (CBES) 2019/938, cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 5(2):

'2. Rachaidh sé in éag an 10 Iúil 2023.'.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i/in/sa …,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

PUBLIC